TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

Bainisteoir Tionscadail FRS na Dúnaibh

An Oifig Tionscadail: **RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43**

Ríomhphost: downingfrs@rpsgroup.com

NAISC ÁBHARTHA

Láithreán Gréasáin: **https://countydonegalfrs.ie/downingfrs/**

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

NA DÚNAIBH

Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh. 3
Bealtaine 2021

https://countydonegalfrs.ie/downingsfrs



CÉN CÉIM A BHFUIL AN TIONSCADAL AG?

Tá an tréimhse chomhairliúcháin oscailte críochnaithe anois agus tá an fhoireann i mbun iarphlé le duine ar bith a dúirt go bhféadfaidís faisnéis stairiúil bhreise faoi thuilte a sholáthar. Tá suim fós ag foireann an tionscadail grianghraif, físeáin, sceitsí nó aon fhaisnéis ábhartha eile maidir le himeachtaí tuile a tharla roimhe seo a fháil uathu siúd a bhfuil taithí phearsanta acu orthu. Cuideoidh an fhaisnéis a sholáthrófar le foireann an tionscadail samhail na habhann agus dearadh na scéime faoisimh tuile a bheachtú. Tá gach faisnéis tionscadail fós ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail www.countydonegalfrs.ie/downings lena n-áirítear sonraí teagmhála na foirne. Tionólfar an dara comhairliúchán poiblí nuair a bheidh rogha tosaíochta aitheanta ionas go bhfeicfidh tú an chaoi ar cuireadh d'aighneachtaí san áireamh.

Tá Murphy Geospatial (www.murphygs.ie) tar éis obair allamuigh a chur i gcrích agus dréacht-insoláthartha a chur isteach maidir le tairseacha maoine, suirbhéanna abhann agus tír-raon. Sna suirbhéanna glacadh na sonraí a theastaíonn chun samhail ríomhaire cothrom le dáta de shruth Mhachaire Loiscthe, a thuilemhá agus na ceantair a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuile cósta i gCuan na nDúnaibh a thógáil.

Rinneadh iniúchadh amhairc ar na cosaintí tuile atá ann chun an suirbhé ar Choinníoll Sócmhainne Cosanta (DAC) a chur i gcrích. Úsáidfear é seo chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le hiontaofacht na gcosaintí tuile atá ann cheana féin nuair a bhíonn roghanna don scéim faoisimh tuile á mbreithniú go mion.

Aontaíodh an cur chuige i leith hidreolaíochta leis an ngrúpa stiúrtha ag an gCeardlann Theicniúil Hidreolaíoch (16 Nollaig 2020). Tá foireann an tionscadail ag obair ó shin chun na sreafaí criticiúla sa Mhachaire Loiscthe a shainiú agus leibhéil toinne agus sáile a thagann ón gcósta a ionsamhlú i samhlacha hiodrálacha. Rinneadh anailís ar shaintréithe fisiciúla na ndobharcheantar a mbíonn tionchar acu ar uisce a ritheann chun srutha agus anailís ar shonraí ó thomhasairí hidriméadracha (sreabhadh abhann agus leibhéal uisce) agus stáisiúin mheitéareolaíochta (báistí) chun na teagmhais tuile a cheapfar an Scéim a sheasamh ina leith a chinneadh. Tabharfar sonraí iomlána faoin anailís a rinneadh agus na torthaí i dTuarascáil Hidreolaíochta a bheidh ar fáil ar Shuíomh Gréasáin an Tionscadail nuair a bheidh sí críochnaithe.

Tá tús curtha le forbairt na samhla hiodrálaí a úsáidfear chun an riosca tuile sna Dúnaibh a ionsamhlú. Sa tsamhail áirítear léiriú de:

- **cainéil abhann agus sruthchúrsa (ar a dtugtar samhail 1D) a forbraíodh ó shuirbhéanna trasghearrtha cainéil abhann;**
- **an cósta agus an tuilemhá (ar a dtugtar samhail 2D) a forbraíodh ó phróifílí trá a ndearnadh suirbhé orthu, topagrafaíocht agus sonraí tír-raoin dhigití;**
- **leibhéil tairsí a thógáil laistigh den tsamhail 2D, agus;**
- **na sreafaí tuilte a ghineann na dobharcheantair in aghaidh an tsrutha agus na coinníollacha leibhéal sáile i gCuan na Dúnaibh a mbeifí ag súil le tarlú le linn tuile (mar thoradh ar an anailís hidreolaíoch).**

Thug RPS faoi roinnt suirbhéanna comhshaoil bunlíne le linn na gcéimeanna tosaigh seo den tionscadal chun príomhshrianta comhshaoil a ghabháil do Scéim Faoisimh Tuilte na nDúnaibh. Ina measc seo bhí suirbhéanna ar ghnáthóga agus speicis faoi chosaint, suirbhéanna ar éin gheimhridh, suirbhéanna uisceacha lena n-áirítear suirbhéanna ar ghnáthóga iascaigh agus measúnú ar riocht fisiceach chonair na habhann agus na bhfo-aibhneacha. Cuireadh leis na suirbhéanna allamuigh seo trí shonraí deascbhunaithe de thacair sonraí agus faisnéis atá ann cheana a bhailiú maidir le Bithéagsúlacht, Ithreacha agus Geolaíocht, Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Cultúrtha, Úsáid Talún agus Sócmhainní Ábhair, Tírdhreach agus Tionchar Amhairc, agus Daonra agus Sláinte an Duine. Ag baint úsáide as an bhfaisnéis bhunlíne seo agus as an aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí tosaigh tugadh faoi staidéar srianta chun príomhcheisteanna comhshaoil a bhaineann le limistéar na scéime a shainaithint a bhféadfadh bearta faoisimh tuile tionchar a imirt orthu agus/nó a d'fhéadfadh srianta a chur ar inmharthanacht agus/nó ar dhearadh bearta den sórt sin.

Dréachtaíodh an tuarascáil ar Shrianta Comhshaoil agus nuair a bheidh sí críochnaithe beidh sí ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an tionscadail. I measc na bpríomhshrianta a sainaithníodh tá na hainmniúcháin iartheachtacha agus go háirithe SAC Chuan na gCaorach agus SPA Corrán Binne go Cionn Fhánada. Tá an ceantar suntasach d'éin bhogaigh mar gheall ar a ghaireacht do SPA Corrán Binne go Cionn Fhánada, agus taifeadadh roinnt éan tábhachtach, lena n-áirítear crotach, roilleach agus an faoileán bán ar gharraithe talmhaíochta taobh thiar de bhóthar réigiúnach Carraig Airt chuig na Dúnaibh (R248). Chonacthas ealta bheag d'eala ghlórach sa loch díreach taobh amuigh den bhaile agus taifeadadh roinnt cadhan ag beathú ar an inbhear díreach ó thuaidh ó Charraig Airt. Tá cuid de na gnáthóga a bhfuil SAC Chuan na gCaorach ainmnithe ina leith le fáil laistigh den limistéar Staidéir, m.sh. dumhcha muiríní (dumhcha bána). Tá roinnt suíomhanna seandálaíochta sa cheantar. Tá suíomhanna ón tréimhse réamhstairiúil (gallán) agus ón meánaois i measc na suíomhanna a luaitear mar shrianta féideartha sa limistéar staidéir. I bhfianaise shuíomh na scéime i limistéar ard taitneamhachta radhairc tá carachtar an tírdhreacha níos íogaire agus caithfear an taitneamhacht radhairc a mheas go cúramach sa mheasúnú comhshaoil breise ar na roghanna agus ar an scéim is dealraithí a roghnófar.

D'ullmhaigh RPS i gcomhar le CCDG agus an OOP Plean Bainistíochta Speiceas Ionrach (ISMP). Leagtar amach sa Phlean conas speicis ionracha a bhainistiú agus/nó a dhíothú roimh an gcéim dhearaidh nó tógála.

TIONCHAR AG COVID-19

D'oibrigh foireann an tionscadail go crua chun a chinntiú go gcomhlíonann gach gníomhaíocht ar an tionscadal an treoir sláinte poiblí um Choróinvíreas agus ag an am céanna iarracht a dhéanamh tionchair dhiúltacha ar chlár an tionscadail a laghdú. Lean Grúpa Stiúrtha na Scéime um Fhaoiseamh Tuilte (comhdhéanta de OOP, Comhairle Contae Dhún na nGall agus RPS) ar aghaidh ag bualadh le chéile go rialta ag baint úsáide as físchomhdháil. Mheas údaráis áitiúla gur seirbhís riachtanach iad dul chun cinn a dhéanamh ar scéimeanna faoisimh tuile.

BREAC-CHUNTAS AR CHLÁR NA SCÉIME

	Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Céim 1	Bailiú Sonraí agus						
	Anailís Hidreolaíochta						
	Anailís Hiodrálach						
	Anailís agus forbairt na Scéime						
Céim 2	Pleanáil						
Céim 3	Dearadh mionsonraithe na						
Céim 4	Oibreacha tógála						
Céim 5	An Scéim á hOibriú						

Amlínte curtha ar fáil mar an meastachán is fearr atá ann faoi láthair, ach tá siad faoi réir athbhreithnithe.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Bailiú Sonraí: Tá an fhoireann tar éis na sonraí go léir atá ar fáil maidir le sreafaí abhann, báisteach, an comhshaol agus bonneagar reatha atá ábhartha don tionscadal a chur le chéile. I gcás gur aithníodh bearnaí sonraí tá obair shuirbhé curtha i gcrích againn chun iad a líonadh nó tá sé beartaithe againn iad a chur i gcrích. Trínár gcomhairliúcháin leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí reachtúla bhailíomar an fhaisnéis uile atá ar eolas faoi theagmhais tuile a tharla roimhe seo sna Dúnaibh. Mar sin féin tá suim againn fós faisnéis a fháil faoi stair áitiúil tuile nó faoin gcomhshaol i gcás go mbeidh sí ar fáil. Má tá aon fhaisnéis agat a d'fhéadfadh a bheith úsáideach, déan teagmháil le foireann an tionscadail le do thoil (sonraí teagmhála ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail **(www.countydonegalfrs.ie/downings).**

Suirbhéanna: Tá na suirbhéanna ar thairseach maoine, abhann, tír-raon agus Coinníoll Sócmhainne Cosanta (DAC) curtha i gcrích ar shruth Mhachaire Loiscthe, Trá na nDúnaibh agus na ceantair máguaird. Cuireadh dréacht-insoláthartha isteach agus tá sonraí suirbhé á n-athbhreithniú a mbainfear úsáid astu sa tsamhail hiodrálach.

Anailís Hidreolaíoch: Beidh na chéad chéimeanna eile san anailís hidreolaíoch dírithe ar na sreafaí dearaidh agus na leibhéil uisce a bheachtú agus a thabhairt chun críche a úsáidtear sna samhlacha chun tuilte a ionsamhlú.

Anailís Hiodrálach: Leanfar le forbairt na samhla hiodrálaí sna míonna amach romhainn go dtí go mbainfear amach samhail atá bailíochtaithe i gcoinne stair na tuile sa cheantar. Díreoidh sé seo ar mhéid tuilte mapáilte, doimhneacht taifeadta tuile agus sonraí eile maidir le teagmhais tuile.

Rogha a Fhorbairt: I measc na gcéad chéimeanna i bhforbairt roghanna tá liostú gach beart bainistíochta riosca tuile a d'fhéadfadh a bheith infheidhmithe ag Caisleán na Finne. Scagfar iad seo chun a chinntiú go dtabharfar ar aghaidh chuig céim measúnaithe mionsonraithe bearta a d'fhéadfadh bheith inmharthana go teicniúil agus go heacnamaíoch agus a bheidh inghlactha go sóisialta agus don chomhshaol. Ansin tabharfar faoi mheasúnú mionsonraithe ar roghanna bainistíochta riosca tuile (teaglaim beart).

Measúnú Comhshaoil: 'Tá tuilleadh suirbhéanna comhshaoil mionsonraithe i rith beartaithe do thréimhse an tsamhraidh/an fhómhair chun suirbhéanna éiceolaíocha a bhfuil srianta séasúracha orthu nó suirbhéanna níos speisialta a theastaíonn chun tógáil ar na suirbhéanna bunlíne thosaigh, lena n-áirítear leictrea-iascaireacht, suirbhéanna ar speicis faoi chosaint, m.sh. suirbhéanna dobharáin, seandálaíochta agus ailtireachta. Cuirfidh na srianta agus na deiseanna comhshaoil a shainaithnítear bonn eolais faoi bhreithmheas na roghanna don FRS lena n-áiritheofar breithniú luath sa dearadh agus measúnú láidir ar thionchar féideartha comhshaoil na scéime roghnaithe.